# Scéalta na Leabharlanna

comhairle chontae na mí
meath county council

Nuachtlitir Sheirbhís Leabharlainne Chomhairle Chontae na Mí Eagrán 10. 2021

## Imeachtaí an tSamhraidh



Ceapadh an t-údar áitiúil Fiona Sherlock ina Scríbhneoir Cónaithe don bhliain 2021 le déanaí. Mhínigh sí a gciallaíonn sé di a bheith ina Scríbhneoir Cónaithe i gContae na Mí: *Is scríbhneoir coirscéalta, colúnaí nuachtáin agus file mé, agus is mamaí mé do bheirt pháistíní aoibhne, agus tá cónaí orm i mBeigthigh, Co. na Mí. Chuir mé iarratas isteach ar an gcónaitheacht scríbhneora le go mbeinn ag obair leis an bpobal, agus go mbeadh teagmháil agam le léitheoirí agus scríbhneoirí maidir le gach gné den teanga labhartha agus scríofa. Nuair a bhí mé ag foilsiú mo chuid leabhar le linn na paindéime, bhí sé an-deacair gan a bheith ag bualadh le daoine i gceart, agus mar sin, tarraingt mhór a bhí i bpost an Scríbhneora Cónaithe de bharr éagsúlacht na ngrúpaí lena mbíonn sé nó sí ag plé. Tá ríméad orm gur ceapadh mé i mo Scríbhneoir Cónaithe don bhliain seo. Ó tharla gur rugadh i gContae na Mí mé, dalta leabharlann na hUaimhe a bhí ionam agus mé i mo pháiste, agus dar liomsa, spás beannaithe atá i leabharlanna - áit naofa na litríochta, na nuachtán agus spiorad an phobail. Le linn mo thréimhse chónaitheachta, beidh sé i gceist agam tacú le léitheoirí díograiseacha an chontae, trí leabhair a aimsiú le scríbhneoirí nua sa ghnáthearnáil foilsitheoireachta agus san earnáil foilsitheoireachta neamhspleáiche, nach bhfuil cloiste uathu roimhe seo. Maidir le leanaí na Mí, táim ag súil le heispéiris spraíúla speisialta a leagan amach dóibh, de réir mar a fhágfaimid an phaindéim inár ndiaidh, idir eispéiris mistéire thumthacha agus am scéalaíochta aireach, tá clár iomlán beartaithe agam do phobal úsáideoirí gníomhacha na leabharlainne sa chontae. Mar iarmheantaí, tá meas agam ar an bhfiúntas a bhaineann le comhroinnt eolais. Tá an clár meántóireachta ar cheann de na réimsí faoi leith a bhfuil mé ag tnúth go mór leis, agus tá súil agam a bheith ag tabhairt tacaíocht agus spreagadh do scríbhneoirí atá ag teacht chun cinn maidir lena gceird - agus maidir lena gcuid spriocanna scríbhneoireachta féin a bhaint amach, pé tuiscint atá acu ar a bhfuil i gceist le rath. Tá sé de rún agam tacar straitéisí agus inspioráid theicniúil a chur ar fáil trí shraith ranganna scríbhneoireachta cruthaithí a thabhairt, a dhíreofar ar thosaitheoirí agus orthusan a bhfuil cleachtas seanbhunaithe acu. Is am é ceiliúradh a dhéanamh ar duine de mhórúdair na tíre, Mary Lavin, le turas féinfhreastail. Mo bhuíochas le hÉire Ildánach agus le Comhairle Chontae na Mí as an gcónaitheacht a mhaoiniú, agus le Seirbhís Leabharlainne Chontae na Mí as é a éascú.*


## 'Growing It Forward' Leabharlanna na Mí

Mar chuid d'fheachtas an Rialtais 'Coinnigh Slán 2020 - 2021', ghlac seirbhísí leabharlainne páirt san fheachtas 'Grow It Forward'. Ba é aidhm an chláir seo, a bhí bunaithe ar ghníomhaíocht dhearfach, agus a reáchtáladh i gcomhar leis an eagraíocht Grow It Forward, ná daoine a spreagadh a gcuid bia féin a fhás chun iad a chumasú i dtreo saol níos sláintiúla agus níos inbhuanaithe. Tugadh amach 50,000 pacáiste síolta ar fud na tíre. Is iad na leabharlanna áitiúla a thug amach 25,000 díobh sin. Is éard a bhí sna pacáistí síolta ná 5 paicéad síolta glasraí (trátaí, biatas, cairéad, piseanna agus glasraí oirthearacha), 10 lipéad bronntanais (le hiad a roinnt) agus treoir fáis. D'éirigh go maith lenár bpróiseas clárúcháin ar líne, agus fuaireamar iarratas ar na 830 pacáiste síolta ar fad a leithdháileadh orainn taobh istigh de chúpla lá. Cuireadh tacaíocht, leideanna agus spreagadh ar fáil do rannpháirtithe i rith an fheachtais trí chlár postálacha ar na meáin shóisialta agus tríd an




teagmháil a bhí againn leo ar ríomhphost. Reáchtáil Leabharlanna na Mí dhá chomórtas eile do na cláraithe GIF, ina raibh leabhair ar gharraíodóireacht agus féiríní beaga eile don ghairdín le buachan. Is é Rannóg an Phobail i gComhairle Chontae na Mí a rinne urraíocht ar na duaiseanna. Moladh do rannpháirtithe freisin grianghraif dá nglasraí a sheoladh isteach, ó bhí siad ina síológa nua agus iad ag teacht chun cinn go dtí an toradh deiridh. Fuarthas aiseolas thar a bheith dearfach ó na rannpháirtithe, agus dúirt go leor acu gur chabhraigh an feachtas go mór leo le linn am dúshlánach ag tús na bliana 2021 nuair a bhí tréimhse fhada dianghlasála i bhfeidhm. Beifear ag súil le feachtas leantach le linn na bliana 2022.

## Rí na Mí







Reáchtáil Leabharlanna Chontae na Mí comórtas do na leanaí bunscoile ar fad sa chontae ina raibh deis acu Sonóg Leabharlainne a Dhearadh, chun ceiliúradh a dhéanamh ar Lá Domhanda um Leabhair na bliana 2021. Fuaireamar na céadta iontrálacha den scoth. Is í Arianna Keating ó Ghaelscoil Thulach na nÓg - Dún Búinne a cheap Rí na Mí, an dearadh a bhuaigh an comórtas. Tá sonóg nua na leabharlainne le feiceáil i ngach brainse den leabharlann, agus ar chomórtais agus cluichí ar líne freisin.  Bronnadh dearbhán leabhair luach €50 ar Arianna agus bronnadh cnuasach leabhar ar fiú €250 é ar leabharlann a scoile. Comhghairdeas le Arianna, agus míle buíochas léi as sonóg den scoth a dhearadh dúinn.

## Féile na Bealtaine

Reáchtáladh raon leathan imeachtaí i mbliana chun ceiliúradh a dhéanamh ar fhéile na Bealtaine. Chuir an Dr Liam McNiffe sraith cúig chuid i láthair ar Zoom bunaithe ar stair na healaíne Eorpaí agus tuiscint ina leith. Cuireadh an t-aisteoir, scríbhneoir agus stiúrthóir Seamus O'Rourke faoi agallamh via seimineár gréasáin maidir lena bheathaisnéis a foilsíodh le déanaí, *Standing In Gaps*. D'éirigh thar cionn le *Getting Hitched*, dráma bainise idirghníomhach ar líne, arna chur i láthair ag Carnation Theatre agus arna mhaoiniú ag Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae na Mí. Lig na rannpháirtithe orthu féin gur aíonna bainise a bhí iontu, agus roinn siad cuimhní, jócanna agus amhráin. Le Meitheal Fuála Mór na Bealtaine, bhí deis ag lucht ceardaíochta a bheith páirteach i dtionscadal pobail chun taipéis bhalla a chruthú. Cuirfear an taipéis bhalla chríochnaithe ar taispeáint i leabharlanna uile na Mí níos déanaí sa bhliain. Reáchtáladh Tráth na gCeist Mór na Leabhar arís i mbliana freisin, mar a bhíonn ar siúl againn gach bliain, agus chuir Teresa agus Louise Carley an t-imeacht ceoil Whispering Hope - Amhráin don Bhealtaine i láthair.




## Imeachtaí an tSamhraidh

Tá na himeachtaí samhraidh ar fad atá á reáchtáil againn do leanaí le craoladh ar chainéal YouTube Chomhairle Chontae na Mí i mbliana. Bhí roinnt imeachtaí den scoth againn i mí Iúil agus beidh neart eile ar siúl le linn mhí Lúnasa. Beidh máistir-ranganna againn ar mhúnlú marla i dteannta Clayotic, Scéalta gan Iomrá ó Chontae na Mí leis an scéalaí Niall De Búrca, uaschúrsáil faisin leis an dearthóir Saraden Designs, a bhfuil gradaim buaite aici, ealaíona agus ceardaíocht le Tarsila Krüse, ceardaíocht Harry Potter le Aoife Munn, déanamh puipéad le Julie-Rose McCormick agus Ceardlanna Litearthachta Mary Poppins: Go Fly Your Kite. Beidh Draíchleasaíocht Covid againn chomh maith, leis an Mórdraíodóir Billy Bubbles, ceardlanna maisiúcháin le Tina Mation ó RTÉ, mar aon le scéalaíocht & ióga le Deirdre ó YoYo Yoga, agus miotaseolaíocht & finscéalta na hÉireann le Candlelit Tales. Beidh ár bhfíseáin ar fad ar fáil ar líne go dtí deireadh mhí Lúnasa. Tá am ann go fóill páirt a ghlacadh inár n-eachtra léitheoireachta Réaltaí an tSamhraidh, a bhíonn ar siúl go bliantúil agus a mbíonn an-tóir uirthi. Beidh seans agat táibléad Kindle Fire agus pasanna go Tayto Park a bhuachan, mar aon le cluichí agus bréagáin don taobh amuigh amhail leadóg bhíse agus scútair.



## Cruinniú na nÓg

Ghlac na céadta teaghlach, leanaí agus daoine óga páirt sa lá náisiúnta cruthaitheachta ar an 12 Meitheamh. Bhí deis ag leanaí ar fud na tíre triail a bhaint as Bácáil & Cócaireacht, Eitleoga a Dhearadh & a Eitilt, Ceardaíocht & Ceardaíocht STEAM, dráma dúrúin dúnmharaithe agus ceardlanna spraíúla ceoil do na páistí óga agus a dteaghlaigh. Bhí spórt agus spraoi sna seomraí ranga leis na ceardlanna beochana, le códáil, le ceol i nGaeilge agus leis an seisiún le húdar agus maisitheoir, i gcuideachta Susannah Lloyd agus Paddy Donnelly, a cuireadh ar siúl mar chuid de Chlár Cruinniú do Scoileanna. Tá neart ábhar cruthaitheach den scoth ar chainéal YouTube Chruinniú na nÓg Chontae na Mí go fóill, lena n-airítear an gearrscannán beochana 'Bóinn - the River Goddess', léiriú an amhráin nuachumtha 'Bóinn' le Cór Óige Music Generation na Mí, léamh drámata 'Me & Molly & Moo' le Deirdre Kinahan, na hiontrálacha ealaíne ar chomórtas ealaíne RTÉ/Éire Ildánach 'This is Art' agus roinnt amhrán álainn do pháistí sna luathbhlianta sa 'Meath Musical Mystery Tour' le Kids' Classics, go leor acu a bhfuil teanga chomharthaíochta agus fotheideal leo. Is í Éire an chéad tír agus *an t-aon tír* ar domhan a bhfuil lá náisiúnta cruthaitheachta saor in aisce aici do leanaí agus do dhaoine óga faoi 18 mbliana d'aois. Is tionscnamh suaitheanta é Cruinniú na nÓg den Phlean Óige Ildánach de chuid Chlár Éire Ildánach agus déantar bainistiú air i gcontae na Mí le rannóga Leabharlainne agus Ealaíon Chomhairle Chontae na Mí.



Arna tháirgeadh ag Seirbhís Leabharlann Chomhairle Chontae na Mí,
Sráid an Bhóthair Iarainn, An Uaimh, Contae na Mí, C15 A279
Teil: 046 9021134 Ríomhphost: libraryhq@meathcoco.ie
www.meath.ie/library